Cuntas Leithreasa 2015

# Vóta 4

# An Phríomh-Oifig Staidrimh

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 4, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 do thuarastail agus do chostais An Phríomh-Oifig-Staidrimh (CSO).

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2015, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €5.25 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid:

***Dímheas***

Tá dímheas á dhéanamh ar roinnt sócmhainní trealaimh oifige ag 10%.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Stiúrthóir. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte, seachas i gcás seacht conradh ar luach €416,230 a bhí liostáilte i mo thuairisceán maidir le Ciorclán 40/2002. Tá trí de na conarthaí áiteanna le soláthraithe aonair agus tá sé I gceist tairiscintí don ceathair eile ag du lar aghaidh a chur.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Mé a bheith comhlíonta mo chuidfreagrachtaí maidir le riachtanais an Chomhaontaithe um Bainistíocht na Seirbhíse idir an Oigig seo agus an Oifig Náisiúnta um tSeirbhís Roinnte chun na Seirbhíse Comhroinnte AD.

Ag brath mé ar litir dearbhú ón Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm i soláthar Seirbhísí Comhroinnte AD chuig an Oifig seo.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

Leanann an Príomh-Oifig -Staidrimh ag feidhmiú laistigh de bhuiséadaireadais daingean. Déantar monatóireacht chúramach ar gach caiteachas chun a chinntiú nach ndéanann an Oifig sárú an leithdháileadh buiséid bliantúil feabhsúcháin próiseas ar ghníomhaíochtaí reatha chomh maith le bainistíocht na n-oibríochtaí timthriallach agus tionscadail airgeadais, ag teastáil a choinneáil an an riosca airgeadais ar a laghad ar bhonn leanúnach.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Pádraig Daltún**
Oifigeach na gCúntas
An Phríomh-Oifig-Staidrimh

30 Márta 2016

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Oifig. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na taifid chuntasaíochta.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

16 Lúnasa 2016

# Vóta 4 An Phríomh – Oifig Staidrimh

## Cuntas Leithreasa 2015

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar Measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Seachadadh an chláir staidrimh bhliantúil | 54,725 | 49,872 | 39,472 |
| | **An mór iomlán** | **54,725** | **49,872** | **39,472** |
| | *Bain de* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,889** | **2,287** | **1,866** |
| | **An glan iomlán** | **52,836** | **47,585** | **37,606** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr don bhlian | 5,250,671 | 1,971,466 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 36,320 | 33,515 | 30,684 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,125 | 1,084 | 932 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,780 | 1,397 | 1,118 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,195 | 683 | 616 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | 9,014 | 9,597 | 3,977 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 1,146 | 837 | 822 |
| vii | Seirbhísí comhairleacha agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 161 | 66 | 54 |
| viii | Bailiú staitisticí | 3,984 | 2,693 | 1,269 |
| | | **54,725** | **49,872** | **39,472** |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2015

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Pá | | 33,515 | 30,684 |
| Neamhphá | | 16,357 | 8,788 |
| **Olliomlán** | | **49,872** | **39,472** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **2,287** | **1,866** |
| **Glan iomlán** | | **47,585** | **37,606** |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin | (527) | | |
| Dímheas | 3,481 | | |
| Cailliúint ar diúscairtí | 2 | | |
| | | 2,956 | 2,974 |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (4,963) | (1,281) |
| | | | |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | 446 | | |
| Laghdú ar stoc | 10 | | |
| | | 456 | (100) |
| **Caiteachas díreach** | | **46,034** | **39,199** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 6,549 | 6,162 |
| Measchíosanna | | 1,542 | 1,395 |
| **Costas glan clár** | | **54,125** | **46,756** |

#### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá an méid caiteachais maidir le seirbhísí glan gaolmhara déanta suas den mhéid seo a leanas i ndáil le Vóta 4 atá seasta in áit éigin eile.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 1,722 | 1,746 |
| Vóta 12 Pinsin agus Liúntais as Oibre | 3,765 | 3,576 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,024 | 840 |
| Vóta 18 Seirbhísí Comhroinnte | 38 | — |
| | **6,549** | **6,162** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2015

| | Nóta | 2015<br>€000 | 2014<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 8,465 | 10,608 |
| **Sócmhainní atá á bhforbairt** | 2.3 | 5,562 | 1,436 |
| | | **14,027** | **12,044** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 394 | (655) |
| Stoic | 2.5 | 72 | 82 |
| Réamhíocaíochtaí | | 948 | 970 |
| Ioncam fabhraithe | | 133 | 348 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 311 | 709 |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | 2.8 | 687 | 898 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **2,545** | **2,352** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 381 | 196 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.7 | 1,392 | 952 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,773** | **1,148** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 772 | 1,204 |
| **Glansócmhainní** | | **14,799** | **13,248** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **14,799** | **13,248** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2015** | **2014** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 13,248 | 14,841 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 52,836 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (5,251) | | |
| Vóta glan | | | 47,585 | 37,606 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 6,549 | 6,162 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | | 1,542 | 1,395 |
| Costas glan clár | 1 | | (54,125) | (46,756) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **14,799** | **13,248** |

**2.2 Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitil**

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige innealra eile | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Ollsócmhainní ag 1 Eanáir 2015 | 34 | 58,811 | 3,442 | 62,287 |
| Breiseanna | — | 1,314 | 26 | 1,340 |
| Diúscairtí | — | (544) | (112) | (656) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2015 | 34 | 59,581 | 3,356 | 62,971 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Ollsócmhainní ag 1 Eanáir 2015 | 34 | 48,381 | 3,264 | 51,679 |
| Dímheas don bhliain | — | 3,399 | 82 | 3,481 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (543) | (111) | (654) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2015 | 34 | 51,237 | 3,235 | 54,506 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **—** | **8,344** | **121** | **8,465** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2014** | — | **10,430** | **178** | **10,608** |

**2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhforbairt**

| | Úsáideanna ríomhaireachta | |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **2015** | **2014** |
| | **€000** | **€000** |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir | 1,436 | 1,026 |
| Íocaíochtaí in airgead titim don bhlian | 4,963 | 1,281 |
| Aistrithe chuig clár na sócmhainní | (837) | (871) |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig | **5,562** | **1,436** |

**2.4 Banc agus Airgead Tirim**

| | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta | 343 | (688) |
| Banc tráchtála | 50 | 32 |
| Mionairgead | 1 | 1 |
| | 394 | (655) |

**2.5 Stoic**

| | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 52 | 60 |
| Ábhar inchaite teicneolaíochta faisnéise | 20 | 16 |
| Foilseacháin | — | 6 |
| | 72 | 82 |

Fuarthas ceadú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun luach gach stoic fhoilseachán foilsithe a dhíscríobh go luach iomlán de €5,859. Deonadh sin ar an ábhar gur bheag an seans go mbeifí in ann é a dhíol.

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Costas tuarastail inchúitithe | 231 | 629 |
| Costais taistil a fháil ar ais | 13 | 15 |
| Scéim pas taistil a fháil ar ais | 27 | 25 |
| Míreanna eile dochair atá ar fionraí | 40 | 40 |
| | 311 | 709 |

Le linn 2015, níor dhíscríobh an Oifig aon drochfhiach agus ní dhearna sí aon soláthar le haghaidh drochfhiach.

| **2.7 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 534 | 322 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 330 | 208 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 11 | 27 |
| Cáin Bhreisluacha | 3 | 20 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 110 | 68 |
| An Muirear Uilíoch Sóisialta | 177 | 120 |
| | 1,165 | 765 |
| Asbhaintí den phárolla atá gcoinneáil ar fionraí | 218 | 175 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 9 | 12 |
| | 1,392 | 952 |

| **2.8 An glanchistiú Státchiste atá le híoc** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | 5,251 | 1,971 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (5,938) | (2,869) |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | (687) | (898) |
| | | |
| **Arna léiriú le** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair:ar fionraí | 311 | 709 |
| | 311 | 709 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 394 | (655) |
| Dlite don Stát | (1,165) | (765) |
| Iarmhéideanna creidmheasa:ar fionraí | (227) | (187) |
| | (998) | (1,607) |
| | | |
| | (687) | (898) |

| **2.9 Ceangaltais** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Fotheidil soláthair | 6,441 | 12,215 |
| | **6,441** | **12,215** |

Is é an laghdú ar na gealltanais ar 31 Nollaig, 2015 de bharr dul chun cinn clocha mile íocaíochta an chonartha do bhunú na timpeallachta próiseála do Dhaonáireamh 2016. Cuireadh an conradh I bhfeidhm ag deireadh na bliana 2014.

| **2.10 Dliteanais Aibithe** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Meastacachán de dhliteanais aibí | 15 | — |
| Gan raibh scaoilte ag deireadh na bliana. | | |

## 3 Caiteachas Cláir réir Fo-mhírcheann

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar Measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Seachadadh an chláir staidrimh bhliantúil** | | | |
| A.1 | Riarachán - Pá | 36,320 | 33,515 | 30,684 |
| A.2 | Riarchán - Caiteachas eile | 18,405 | 16,357 | 8,788 |
| | | 54,725 | 49,872 | 39,472 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár €4.85 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/ (níos mo) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Tuarastal, pá agus liúntais | 2,805 | Tharla an choigilt de bharr moilleanna líonadh folúntas do phoist sa bhreis a churfidh ar chumas an CSO déileáil le hiarratais macra-eacnamaíoch agus chomhshaoil neamhchomhlíonta staitistiúil chun cue ar a húsáid sonraí riaracháin agus feabhas a chur ar riaracháin agus feabhas a chur ar rialachas eagraíochta. Lena chois sin taithí moil líonadh éigin Daonáireamh folúntas daonra le linn 2015. |
| Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 383 | Tharla an coigilteas de bharr dianrialú leanúnach den chaiteachas sa Fotheideal I rith na b liana. Cuid mhaith de riachtanais oiliúna agus forbartha na hOifige ar aghaidh le baint amach ó acmhainní in-tí. |
| Seirbhísí poist agus cumarsáide | 512 | Leanfaidh Coigiltis a dhéanamh ar chostais teilachumarsáide. Coinníodh gach costas a bhaineann le postas ar a laghad I rith 2015 agus léiríonn úsáid mhéadaithe na hOifige as sonraí reiaracháin chun staitisticí a bhailiú. |
| Costais áitreabh oifige | 309 | Ba é an tsábhúáil toisc nach raibh costais áitreabh oifige ag súil leis I ngach trí áit CSO I rith 2015. |
| Comhairleacht agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais | 95 | Tharla an coigilteas de bharr dianrialú leanúnach gach caiteachas a bhaineann comhairleoireacht in 2015. |
| Bailliú staitisticí | 1,291 | Tharla an coigilteas de bharr dianrialú leanúnach gach gné d'oibriú réimse an CSO. Nios ísle ná costais réimse ionchasach a bhaineann leis an Suirbhé Buiséid Teaghlaigh I rith 2015 a chuidigh leis an choigilt. |

# 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | | **2015** | | **2014** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Faltais ón Aontas Eorpach | 130 | 575 | 118 |
| 2. | Ilchinéal de rudaí eile | 70 | 16 | 138 |
| 3. | Asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 1,689 | 1,696 | 1,610 |
| | **Iomlán** | **1,889** | **2,287** | **1,866** |

**Athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach bun-cheannteidil a raibh an toradh éagsúilón suim mheasta de nios mó ná €100,000 agus de níos mó ná 5%.

| **Cur síos** | **Níos lú/ (níos mo) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Fáiltais ón Aontais Eorpaigh | (445) | Réamh-mhaoiniú don Suirbhé 2016 ar Struchtúr Feirmeacha a dhéanfar i mí an Mheithimh 2016 a fuarthas i 2015. Fuarthas íocaíocht dheireanach maidir leis an Suirbhé 2013 comh maith. Is é an t-am na n-íocaíochtai i rialú Eurostat agus is féidir a bheith deacair a thuar. |
| Ilchinéal de rudaí eile | 54 | Ioncam ó dhíolacháin staidrimh laghdú níos mó le linn 2015 agus léiríonn sé an polasaí CSO maidir le gach ábhar atá ar fail soar in aisce ar an ngréasán. |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimsire) | 697 | 616 |

| | 2015<br>€000 | 2014<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 31,189 | 28,632 |
| Iomarcaíocht | 3 | — |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 85 | 55 |
| Liúntais eile | 73 | 67 |
| Liúntais le haghaidh ragobair | 82 | 69 |
| ÁSPC an fhostóra | 2,083 | 1,861 |
| **Pá Iomlán** | **33,515** | **30,684** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair<br>2015<br>€ | Uasíocaíocht aonair<br>2014<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 62 | — | 5,478 | 2,474 |
| Liúntais le haghaidh ragobair agus tinrimh bhreise | 32 | 1 | 10,936 | 14,256 |
| Liúntais le haghaidh uainobair agus as a bheith ar uainchlár | 14 | — | 8,650 | 8,318 |
| Líon na ndoine aonair a fuair luach saothair breise I níos mó ná aon | 20 | 5 | 18,243 | 19,364 |

**5.2 Ró-íocaíochtaí Párolla**

Bhí ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana €86,874 (135 cás) (2014 €52,680, 99 cás). As sin, €65,140 (96 cás) pleananna téarnaimh I bhfeidhm.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Tacaíocht do sheandícheall staidrimh

Bhronn an Oifig duaisairgead de €3,510 i 2015 mar chuid den chúigiú Bonn John Hooper do Comórtas Staitisticí. Bhí an comórtas seo oscailte go dtí an tsraith shinsearach mac léinn dara leibhéal.

### 6.2 Maoiniú AE

Le linn 2015 fuarthas iomlán de €575,000 I leithreasaí-i-gcabhair ón Aontas Eorpach maidir le ceithre conarthaí do sholáthar na faisnéise staidrimh ar thalmhaíocht agus praghsanna EUROSTAT. An chuid is mó den mhaoiniú AE a fuarthas tabhaithe faoi fhotheideal A1. An t-airgead ón AE as ais ar chéatadán de bhonn costas comhaontaithe maidir leis na conarthai seo.

### 6.3 Costais dlí

| | | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costas dlí a bronnadh an Roinn** | **Costas dlí a bronnadh** | **Cúiteamh bronnta** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh ag fostaithe de chuid an Vóta** | 3 | — | 34 | 20 | 54 | 6 |
| **Éilimh ag daoine den phobal** | — | 7 | — | — | 7 | — |
| | | 7 | 34 | 20 | 61 | 6 |

### 6.4 Dliteanas Teagmhasach

Chinn an Chúirt Uachtararach I mí Deireadh Fómhair 2014 go raibh an Chomhardú na níocaíochtaí (CI) 2005 ultra vires an cumhacht ag an Aire Stáit sa Roinn an Taoisigh. Neamhní an tOrdú. Leanann costais an ócáid, damhadh costais san Art-Chúirt agus na Cúirte Uachtaraí cásanna I gcoinne an Phríomh-Oifig Stadrimh. D'áitigh an Oifig an Priomh- Aturnae Stáit ina dhiadh go rathúil le seach-chur ar roinnt de na costais hArd-Chúire. Is é an méid iarbhir na gcostas neamhchinnte, mar táthar ag feitheamh billíí leith costas.